Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10419/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0143 (NLE)**

**ECOFIN 686**
**RECH 330**
**FIN 552**
**COMPET 528**
**ENER 311**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh 2003/77/CE ón gComhairle lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, bhainistiú Shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach<br>- Glacadh |

1. An 16 Iúil 2020 chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/77/CE lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní CEGC (an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach) faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, bhainistiú Shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (9855/20 + ADD 1).

2. Is é is aidhm don Chinneadh coigeartuithe a thabhairt isteach maidir le bainistiú shócmhainní CEGC chun maoiniú leordhóthanach a áirithiú, i bhfoirm íocaíochtaí bliantúla, i gcomhréir le Cinneadh 2003/76/CE, le haghaidh tionscadail taighde sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach, lena n-áirítear tionscadail cheannródaíocha taighde a thacaíonn leis na cuspóirí i dtaca le próisis déanta cruach atá beagnach saor ó charbón faoi 2030, agus aistriú cóir earnáil an ghuail a bhainistiú. Go háirithe, is é is aidhm don Chinneadh:

   - a cheadú cuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú a dhíol agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhíol, suas go dtí an méid bliantúil arna shainiú, chun na fáltais a úsáid, de bhreis ar an nglanioncam ó na hinfheistíochtaí, chun an taighde thuasluaite a mhaoiniú;

- na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le bainistiú shócmhainní CEGC a choigeartú chun go bhféadfar infheistíochtaí incháilithe a éagsúlú a thuilleadh agus chun go mbeidh réimse níos leithne de theicnící infheistíochta ann chun athléimneacht phunann CEGC a mhéadú.

3. An 26 Bealtaine 2021, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige ginearálta (8705/21).

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 7 Iúil 2021[1].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír "A" ar chlár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/77/CE lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, agus ar an leachtú a bheith críochnaithe, bhainistiú Shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, mar a leagtar amach in 9391/21, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga.

[1] Níl tuairim an 7 Iúil 2021 foilsithe fós san *Iris Oifigiúil*. Tá sí ar fáil anseo: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-6-2008-0073_EN.html